A Chómhúinteoir, a chara,

Beannachtaí na Féile Pádraig chugat ó Fhoireann Ghaeilge Iar-bhunscoile an Ghaelaonaid. Tá súil againn go bhfuil sibh ag cur an earraigh díbh go suaimhneasach, sásta agus faoi shláinte. Beidh an-chuid imeachtaí chugainn an mhí seo idir Lá Fhéile Pádraig, Seachtain na Gaeilge agus saoire na Cásca. Táimid go léir ag súil leis an dea-aimsir.




**Nath na Míosa:**
**'a bheith i Márta a trí'**
**(.i. a bheith in ardghiúmar)**

'*Bím i Márta a 3 nuair a bhíonn mo shláinte agam, agus mo shaol agus gach aon ní eile chomh maith is is féidir liom a bheith*'.
Tomás Ó Criomhthain.

Ciallaíonn nath mhí an Mhárta a bheith in ardghiúmar nó ar mhuin na muice mar a bheimid ar fad le teacht na dea-aimsire!

**Naomh Pádraig**

Tá deabhóid á léiriú do Naomh Pádraig in Éirinn ón 7ú haois agus, mar thoradh air sin, d'fhógair an Róimh an 17ú Márta ina lá speisialta dó sa 17ú haois déag. Le scaipeadh phobal na hÉireann sa naoú haois déag, thug na daoine leo an deabhóid sin don naomh agus is siombail náisiúnta agus chultúrtha anois ar fud an domhain é. Ceiliúrtar Naomh Pádraig sa lá atá inniu ann le máirseálacha aoibhne áille agus imeachtaí cultúrtha. Ba ó Naomh Pádraig a tháinig an dá cháipéis is luaithe chugainn ina bhfuil tagairt do thír na hÉireann, is iad sin *an Confessio* agus an Litir go dtí Coroticus (ón 5ú haois).



## Léiriú Spéise do Cheardlann a éascú ag Tionól Teagaisc 2026

Ba bhreá le foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile Oide léirithe spéise a fháil ó mhúinteoirí Gaeilge ar mian leo ceardlann a dhearadh agus a éascú ag an Tionól Teagaisc 2026, a reáchtálfar ar an 7 Samhain 2026 in Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7. Líonaigí an fhoirm isteach anseo **faoin Aoine 29 Bealtaine 2026 ag 5.i.n**.

**Dáta:** 7 Samhain 2026

**Ionad:** Óstán Killeshin,
Port Laoise,
Co. Laoise,
R32 TYW7.




## Acmhainní TG4 FOGHLAIM agus COGG

Liostaí Litríochta na hArdteistiméireachta - nótaí nua ar fáil le COGG agus le Foghlaim TG4 Idir na Línte le fáil ag an nasc Foghlaim TG4 | Ardleibhéal | Filíocht. Tá na hacmhainní ar fáil anseo.



## Seanfhocal na Míosa

Tír gan teanga, tír gan anam



## Ceannairí don Todhchaí

Is deis iontach é Ceannairí don Todhchaí do mhúinteoirí Gaeilge tacú le scileanna ceannaireachta na scoláirí a chur chun cinn mar aon le labhairt nádúrtha na teanga. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh scoileanna féachaint ar na deiseanna agus na féidearthachtaí a bhaineann leis i dtaca leis an bplean-gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla. Is féidir an clár ar fad nó modúil áirithe a roghnú ón gclár le reáchtáil as Gaeilge, i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta nó scoileanna Meán-Bhéarla.




Spreagtar scoláirí le freagracht agus le scileanna fíorshaoil a fheabhsú trí imeachtaí scoile agus imeachtaí a eagraíonn an CLG. Is deis í seo chun an Ghaeilge a úsáid i suíomh nádúrtha. Is féidir le múinteoirí Gaeilge modúil amhail Iriseoireacht Spóirt agus Bainistíocht Imeachtaí a stiúradh, chun cabhrú le scoláirí imeachtaí Cheannairí don Todhchaí a eagrú, cóitseáil a dhéanamh agus anailís a dhéanamh ar an gclár mar iriseoirí spóirt. Is féidir le scoil an clár a sceidealú mar mhír sheachtainiúil san Idirbhliain, mar bhloc gearr 4-6 seachtaine, mar thionscadal i rang Gaeilge, nó mar mhodúl i dteannta le Corpoideachas, Meáin Dhigiteacha nó Stair.

Tacaíonn an CLG go láidir leis an nGaeilge trí Choiste Náisiúnta na Gaeilge, oifigigh teanga i ngach cúige agus contae, acmhainní téarmaíochta agus tionscnaimh, a thugann maoiniú do thionscadail Ghaeilge ar fud na tíre. Bunaíodh an CLG le cluichí dúchasacha agus an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chaomhnú - eiteas atá fós lárnach don CLG agus don chlár Ceannairí don Todhchaí inniu. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.

foclóir.ie
foclóirí ár linne

## Foclóir Nua Gaeilge ar shuíomh 'foclóir.ie'

Tá stair foclóra na Gaeilge athraithe agus ag athrú i gcónaí. Tá a lán foclóirí foilsithe in Éirinn lena n-áirítear an Foclóir Béarla-Gaeilge le Tomás de Bhaldraithe (1959), Foclóir Gaeilge-Béarla le Néill Uí Dhónaill (1977) agus an Foclóir Gaeilge agus Béarla le Pádraig Uí Dhuinnín (1927). Is é an luach is mó ar an bhfoclóir nua seo an míniú Gaeilge a sholáthraítear ann in ionad aistriúchán Béarla. Tá an foclóir nua aonteangach seo breac le míniú ar théarmaí agus ar chora cainte as Gaeilge a fhágann nach gá don léitheoir dul i muinín an Bhéarla a thuilleadh. Aithnítear san fhoclóir míniú Gaeilge a chur ar fáil ar théarmaí na Gaeilge agus is é sin an luach is mó atá air. Ní gá ach sracfhéachaint a thabhairt ar chúpla téarma chun an saibhreas teanga seo a bhlaiseadh. Bainigí triail as anseo.

Cuardaigh an focal 'foclóir' ar foclóir.ie, roghnaigh an táb corcra Gaeilge agus féach ar an sainmhíniúchán agus ar na habairtí samplacha. Éist le fuaimniú an fhocail sna canúintí difriúla, agus cliceáil ar an mbarra corcra ainmfhocal firinscneach, 3ú díochlaonadh chun comhad gramadaí iomlán an fhocail a fheiceáil.

Seo a leanas roinnt de na téarmaí a cuireadh leis le déanaí: *callaire cliste, obair chumaisc* agus *gluaisteán uathrialaitheach*.


NUA
Gaeilge
Béarla-Gaeilge

Focail chosúla : mairtíreacht • maistíneacht • maistreadh • aistreach

**máistreacht** CMU

Taispeáin innéacs iomlán

AINM BRIATHARTHA

1. Is é **máistreacht** an t-ainm briathartha le haghaidh gach brí den bhriathar **máistrigh.**

AINMFHOCAL BAININSCNEACH, 3Ú DÍOCHLAONADH

(*g.u.* **máistreachta**; *a.i.* **máistreachtaí**; *g.i.* **máistreachtaí**)

2. Má tá máistreacht agat ar rud éigin, msh scil, ábhar acadúil nó teanga, tá ardchumas agat sa rud sin, tuigeann tú go hiomlán é agus ní bhíonn aon deacracht agat é a úsáid.

- *máistreacht a fháil ar theanga*

Brabhsáil an foclóir

máistir striapach
máistir-rang
máistireochair
máistirleagan
máistirphlean
máistreacht
maistreadh
máistreás
máistreás scoile
maistrigh
máistriú

## Ó Scéal go Stáitse & Ceardlanna Drámaíochta

D'fhoilsigh an tOireachtas lámhleabhar úr drámaíochta 'Ó Scéal go Stáitse' do mhúinteoirí bunscoile agus tá ceardlanna réigiúnacha á reáchtáil dóibh siúd ar mhaith leo a gcuid scileanna drámaíochta a fheabhsú. Tugtar treoir phraiticiúil ar conas drámaíocht a úsáid go héasca ach go héifeachtach sa rang sa chlár drámaíochta seo.


Sa lámhleabhar Ó Scéal go Stáitse, cuirtear ar fáil:
· léargas soiléir ar bhuntáistí na drámaíochta mar mhodh teagaisc agus foghlama;
· cluichí agus straitéisí praiticiúla atá éasca le cur i bhfeidhm sa rang;
· ceachtanna samplacha le treoirlínte céim ar chéim;
· moltaí chun páistí le riachtanais shonracha oideachais (RSO) a chur san áireamh go cuimsitheach;
· treoir ar ullmhúchán agus léiriúchán stáitse don Fhéile Scoildrámaíochta.

Má tá suim agat Ó Scéal go Stáitse a ordú nó más maith leat a bheith páirteach sna ceardlanna spreagúla seo, ní gá ach ríomhphost a sheoladh chuig:taibhealaiona@antoireachtas.ie nó fáil i dteagmháil leis an Oifigeach Taibhealaíon i do cheantar.



## Ní ceart go cruinn / Ní snasta go blasta

Tá cóipeanna breise den acmhainn Ní Ceart go Cruinn agus Ní Snasta go Blasta ar fáil arís. Tá costas 15euro ar an acmhainn seo agus tá comhad fuaime agus taifeadadh scoláirí ag dul leis an acmhainn chomh maith. Tá an leabhrán ar fáil anseo.




## Padlet nua COGG

Tá Padlet nua Iar-bhunscoile á chruthú ag COGG faoi láthair le teacht ar acmhainní agus ar phacáistí teagaisc agus foghlama atá deartha agus curtha le chéile ag COGG i gcomhar le heagraíochtaí eile. Tá an padlet ar fáil anseo.

## Tuarascáil ar an gComhairliúchán faoi na cáipéisí eolais agus treoracha don athbhreithniú ar na hábhair i dTráinse 4

Foilsíodh le déanaí an 'Tuarascáil ar an gComhairliúchán faoi na cáipéisí eolais agus treoracha don athbhreithniú ar an hábhair i dTráinse 4'. Is féidir an tuarascáil a léamh anseo.

## Cruinniú Ginearálta Bliantúil ag Gaeloideachas

Reáchtálann Gaeloideachas Cruinniú Ginearálta Bliantúil chun go mbeidh deis ag baill na heagraíochta bord stiúrtha a thoghadh agus rúin a mholadh. Tugann na rúin seo treoir d'obair na heagraíochta. I mbliana, beidh Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar siúl ar an 25 Aibreán i mbaile Brigín. Is féidir rún a mholadh agus tuilleadh eolais a fháil ina thaobh ar an suíomh anseo.

Tá súil againn go mbeidh Saoire na Cásca shuaimhneach ag gach éinne. Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie.

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, GaelAonad, Oide.
*Ní haon ualach í an fhoghlaim*